An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

# Líonra Eorpach na gCathracha um Bheartais Comhtháthaithe Áitiúla d'Imircigh

**info** sheet

*'Dúinne, is éard atá sa Taidhleoireacht Chathrach agus i líonraí cosúil le CLIP ná rud lena gcothromaítear "Daingean na hEorpa", mar a thugtaí air díreach dornán beag blianta ó shin, ar bhealach infheicthe. Seachas a bheith ag cúbadh chugainn laistiar de na ballaí dosháraithe, táimid ag féachaint le hEoraip oscailte chuimsitheachta comhtháthaithe a thógáil, Eoraip a bheadh cairdiúil do gach duine a chónaíonn ann gan aird ar a dtír dhúchais'.*

Halvdan Skard, Uachtarán Chomhdháil Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha Chomhairle na hEorpa, ag labhairt dó ag 'European cities integrating migrants: from Amsterdam to Zagreb, fostering a dialogue about successful policies', [Comhtháthú na n-*Imirceach ag cathracha na hEorpa: ó Amstardam go Ságrab, ag cothú caidrimh faoi bheartais rathúla*] an Bhruiséil, Aibreán 2008.

CLIP Network
Cities for Local Integration Policy

## Réamhrá

In Earrach 2006, bhunaigh Comhdháil Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha Chomhairle na hEorpa, in éineacht le cathair Stuttgart agus Eurofound Líonra Eorpach na gCathracha um Bheartais Chomhtháthaithe Áitiúla d'Imircigh (CLIP). Sa dá bhliain ina dhiaidh sin, tháinig cathracha Vín agus Amstardam isteach ar Choiste Stiúrtha CLIP. Tacaíonn Coiste na Réigiún (CoR) agus Comhairle Bhardais agus Réigiúin na hEorpa (CEMR) leis an líonra freisin. Tá comhpháirtíocht cruthaithe ag líonra CLIP leis an European Network Against Racism (ENAR) [*Líonra na hEorpa i gCoinne an Chiníochais*] freisin.

Meallann cathracha na hEorpa, go háirithe na cathracha móra a bhfuil geilleagair láidre acu, inimircigh ó cheithre chearn na cruinne. Tá taithí mhaith ag na cathracha seo cheana féin maidir le comhtháthú daoine atá iontach ilchineálach agus éagsúil ó thaobh cultúir de sa phobal áitiúil. Lárionaid inniúlachta is ea iad freisin ó thaobh straitéisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le comhtháthú na n-inimirceach agus mionlach eitneach agus lena rannpháirtíocht a fheabhsú. Caithfidh cathracha agus bardais an praghas a íoc freisin áfach as próisis comhtháthaithe nach n-oibríonn – cé nach bhfuil siad i riocht sreabha inimirce a rialáil iad féin agus cé go mbíonn siad ag brath ar reachtaíocht náisiúnta agus feidearálach i ngach saincheist a bhaineann le cúrsaí inimirce. Ar an ábhar seo, is féidir a rá go mbaineann beartais chomhtháthaithe áitiúla rathúla le leas cathracha agus bardais.

## Cuspóirí agus modhanna oibre

Rud ar leith atá i gceist le líonra CLIP ná go n-eagraíonn sé comhphróiseas foghlama idir na cathracha rannpháirteacha, idir na cathracha agus an grúpa taighde chomh maith le comhphróiseas foghlama idir lucht déanta beartas ag leibhéal áitiúil agus leibhéal Eorpach. Ar an mbealach seo, faightear saineolas ón mbun agus ón mbarr de thoradh chur chuige CLIP ar mhaithe le beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Is iad cuspóirí oibriúcháin CLIP ná:

- Beartais nuálacha a bhailiú agus a anailísiú chomh maith lena gcur chun feidhme rathúil ag an leibhéal áitiúil.
- Tacú leis an malartú de thaithí idir cathracha agus próiseas foghlama laistigh de líonra na gcathracha a spreagadh (tagarmharcáil agus athbhreithniú piaraí).
- Measúnú a dhéanamh ar ról na gcuideachtaí, na gcomhpháirtithe sóisialta, na n-eagraíochtaí imirceach/creidimh, na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha agus na n-eagraíochtaí deonacha ag leibhéal áitiúil ó thaobh tacaíochta de maidir leis na beartais chomhtháthaithe rathúla sin.
- Measúnacht oibiachtúil a sholáthar ar chleachtas agus ar thionscnaimh reatha agus a inaistrithe is atá siad a phlé.
- An cleachtas is fearr a chur in iúl do chathracha eile san Eoraip agus treoirlínte a fhorbairt don chleachtas is fearr chun cabhrú le cathracha ionas go mbeidh siad in ann déileáil ar bhealach níos éifeachtaí leis an dúshlán a bhaineann le comhtháthú na n-imirceach.
- Tacú le beartas comhtháthaithe Eorpach a fhorbairt a thuilleadh trí eispéiris agus aschuir an líonra, a bhaineann le beartais, a chur in iúl do: eagraíochtaí cathracha agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha na hEorpa; eagraíochtaí Eorpacha agus náisiúnta na gcomhpháirtithe sóisialta; Comhairle na hEorpa agus forais éagsúla an AE.

## Cathracha CLIP

Tugtar breis is 30 cathair mhóra agus mheánmhéide ó gach réigiún den Eoraip le chéile i líonra CLIP, lena n-áirítear: Amstardam (NL), Arnsberg (DE), Antuairp (BE), an Aithin (GR), Diputaciò de Barcelona (ES), Bologna (IT), Breda (NL), Brescia (IT), Búdaipeist (HU), Cóbanhávan (DK), Baile Átha Cliath (IE), Frankfurt (DE), Heilsincí (FI), Iostanbúl (TR), Izmir (TR), Kirklees (UK), Liospóin (PT), Liège (BE), Cathair Lucsamburg (LU), Matarò (ES), Malmö (SE), Prág (CZ), Sefton (UK), Stuttgart (DE), Sundsvall (SE), Tallinn (EE), Terrassa (ES), Torino (IT), Turku (FI), Valencia (ES), Vín (AT), Wolverhampton (UK), Wroclaw (PL), Ságrab (HR), Zurich (CH).

## Maoiniú

Is í tacaíocht airgeadais Eurofound don tionscadal cúig bliana ná €1.6 milliún. Lena chois sin, tugann na cathracha rannpháirteacha breis is €300,000 in aghaidh na bliana agus soláthraíonn eagraíochtaí príobháideacha ar nós Robert Bosch agus Heinrich Böll Foundations [*Forais Robert Bosch agus Heinrich Böll]* maoiniú breise.

## Saineolas Eolaíochta

Tacaíonn grúpa de shainionaid taighde Eorpacha in Bamberg (European forum for migration studies – efms) [*Fóram Eorpach um staidéar imirce*], Vín (Austrian Academy of Sciences, Institute for Urban and Regional Research – IST) [*Acadamh Eolaíochta na hOstaire, an Institiúid um Thaighde Uirbeach agus Réigiúnach*] Amstardam (Institute for Migration and Ethnic Studies – IMES) [an Institiúid um Imirce agus Staidéar Eitneach], Turin (Forum of International and European Research on Immigration – FIERI) [*Fóram um Thaighde Idirnáisiúnta agus Eorpach ar an himirce*], Wroclaw (Institute of International Studies) [*an Institiúid Staidéar Idirnáisiúnta*] agus Swansea (Centre for Migration Policy Research) [*Ionad Taighde ar Bheartas Imirce*] le próiseas comhfhoghlama na gcathracha sa líonra.

## Ábhair Thaighde

Tá ceithre mhodúl taighde ann san iomlán. Ceist na tithíochta ab ea an chéad mhodúl oibre a thug CLIP faoi – an leithscaradh, rochtain ar thithíocht, cáilíocht agus inacmhainneacht d’imircigh – rud atá aitheanta mar shaincheist ollmhór a théann i bhfeidhm ar chomhtháthú na n-imirceach leis na ‘sochaithe aíochta’.

Scrúdaíodh beartais chomhionannais agus éagsúlachta sa dara modúl maidir le fostaíocht laistigh de riaracháin na gcathracha agus le soláthar na seirbhísí. Aithníonn sé príomhdhúshláin do riaracháin chathracha maidir le himircigh, ar nós na heaspa faisnéise agus eolais faoi na leibhéil fhostaíochta agus dálaí oibre a bhíonn ag imircigh; gannionadaíocht na n-imirceach i bhfostaíocht na n-údarás áitiúil i gcomparáid le leibhéil an mhargaidh saothair áitiúil; agus gannionadaíocht na n-imirceach sa mheánbhainistíocht agus san ardbhainistíocht in údaráis phoiblí.

Tá fócas an tríú modúl ar *bheartais idirchultúrtha agus ar chaidreamh idir grúpaí*. Breathnófar ar an *bhfiontraíocht eitneach* sa mhodúl deiridh (2009-2010).

**Moltaí ag leibhéal an AE, náisiúnta agus áitiúil**

| | Modúl faoi Thithíocht | Modúl faoin Éagsúlacht |
|---|---|---|
| **do lucht déanta beartas na hEorpa** | • Tacú leis an líonrú i measc cathracha agus le caidreamh le lucht déanta beartas na hEorpa<br>• An tithíocht shóisialta a chur isteach i mbeartas comhtháthaithe an AE | • Athbhreithniú a dhéanamh ar shrianta dlíthiúla ar an teacht ar phoist bhardasacha ag náisiúnaigh nach ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch dóibh<br>• Feasacht a neartú ar ról na gcathracha mar fhostóirí ríthábhachtacha |
| **do Bhallstáit an AE** | • Scóip na ngníomhartha ag leibhéal bardasach a láidriú<br>• Coinníollacha creatlaí a bhunú don soláthar tithíochta | • Fostóirí poiblí áitiúla a chuimsiú i bpleananna náisiúnta comhtháthaithe<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta chun cáilíochtaí imirceach a aithint |
| **do lucht déanta beartas áitiúil** | • Faisnéis iontaofa agus cothrom le dáta a bhailiú agus monatóireacht a dhéanamh uirthi (i.e. monatóireacht eitneach)<br>• Tacú le daoine teacht ar an margadh tithíochta áitiúil | • Athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta earcaíochta agus ar bhacainní i nósanna imeachta in aghaidh fostaíochta<br>• Monatóireacht agus cuntasacht éifeachtach a chur chun feidhme |

## Aschuir

Táirgtear tuarascáil de thoradh gach modúl taighde ina bhfuil léargas ginearálta bunaithe ar na cás-staidéir arna dtiomsú ag foireann taighde CLIP agus iad ag comhoibriú leis na cathracha. Forbraítear agus foilsítear sraith de threoirlínte ar an gcleachtas is fearr ag thrí leibhéal – Eorpach, náisiúnta agus cathrach – le haghaidh gach modúl. Tá gach tuarascáil lena n-áirítear na cás-staidéir ar fáil ó Eurofound. Óstálann an European Urban Knowledge Network (EUKN) [*Líonra Eolais Uirbigh na hEorpa*] na cás-staidéir freisin. Beidh aschuir CLIP curtha san áireamh ar láithreán gréasáin nua an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an gcomhtháthú freisin (2009).

## Foilseacháin

*Integration of migrants: Contribution of local and regional authorities* (EN) [*Comhthathú na n-Imirceach: Rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach*]
www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0622.htm

*Local integration policies for migrants in Europe* (EN) [*Beartais comhthathú áitiúla d'imircigh san Eoraip*]
www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0631.htm

*Housing and integration of migrants in Europe* (EN, DE) [*Tithíocht agus comhthathú na n-imirceach san Eoraip*]
www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0794.htm

*Housing and integration of migrants in Europe: Good practice guide - Résumé* (EN, FR, DE, ES) [*Tithíocht agus comhthathú na n-imirceach san Eoraip: Treoir maidir leis an gcleachtas is fearr – Achoimre*]
www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0818.htm

*Equality and diversity in jobs and services: City policies for migrants in Europe* (EN, DE) [*An Comhionannas agus an éagsúlacht i bpoist agus seirbhísí: Beartais chathracha d'imircigh san Eoraip*]
www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0871.htm

*Equality and diversity in jobs and services for migrants in European cities: Good practice guide – Résumé* (EN, FR, DE, ES, IT) [*An Comhionannas agus an éagsúlacht i bpoist agus seirbhísí d'imircigh i gcathracha na hEorpa: Treoir maidir leis an gcleachtas is fearr - Achoimre*]
www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0872.htm

**Tuilleadh Faisnéise:**

Oifigeach Idirchaidrimh Eolais: Teresa Renehan ag
ter@eurofound.europa.eu